**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar scrúdaithe cónasctha seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an scrúdaithe. Mura ndéantar é seo caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo.**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002**

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

**DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 A.M. – 12.00 MEÁNLAE**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomláin | |

**FREAGAIR**

**(A) <u>Deich</u> gceist as Roinn 1 AGUS**

**(B) <u>Ceithre</u> cheist as Roinn 2 mar a leanas:**

**Ceist <u>amháin</u> as Cuid 1 AGUS**

**<u>Dhá</u> cheist as Cuid 2 AGUS**

**<u>Ceist amháin eile</u> as Cuid 1 nó Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Tabhair faoi deara dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ**

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 2002**
**Gnó – Gnáthleibhéal**

# ROINN 1 – CEISTEANNA FREAGRAÍ GEARRA

**(100 marc)**

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an páipéar scrúdaithe seo ar ais le do thoil in éineacht le do leabha(i)r freagraí.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? *(Scríobh gach freagra go hiomlán sa spás cuí thíos).*

| |
|---|
| U.M.B. (A.T.M.) |
| L.L.D.B. (S.W.O.T.) |
| C.G.B. (A.G.M.) |

**2.** Luaigh **ceithre** rud ab fhéidir a bheith ar 'chlár gnó' comhlachta.

______________________________


______________________________

______________________________

______________________________

**3.** *Déan staidéar ar an ngraf agus freagair na ceisteanna thíos.*

**A.** **Saolré** ……………………………………………………..




**(i)** Críochnaigh teideal **A** na cairte leis an bhfocal atá ar iarraidh.______________________

**(ii)** Ainmnigh an lipéad **B** ______________________________

**(iii)** Cén chéim atá i **C**?______________________________

**(iv)** Rianaigh cúis amháin a bhfuil an chairt seo tábhachtach i ngnólacht.

______________________________

______________________________

**4.** Rianaigh **dhá** thréith atá ag 'fiontraí'

______________________________

______________________________

______________________________

**5.** Déan cur síos ar an mbrí atá leis an téarma 'saincheadúnas'.

**6.** *Is é atá i gColún 1 ná téarmaí cánachais. Is é atá i gColún 2 ná liosta míniúchán a d'fhéadfaí a thabhairt ar na téarmaí sin. Meaitseáil an dá liosta trí litir an mhíniúcháin chuí a chur taobh leis an uimhir chuí thíos. Tá míniúchán amháin gan meaitseáil.*

| | **Colún I Téarmaí** | | **Colún II Míniúcháin** |
|---|---|---|---|
| 1 | CBL (VAT) | A | Ráiteas Comhardaithe bliantúil |
| 2 | P21 | B | Cáin ar earraí agus ar sheirbhísí |
| 3 | Cáin Chorparáide | C | Eisíonn an fostóir é seo d'fhostaí a fhágann a chuid fostaíochta i gcaitheamh na bliana cánachais |
| 4 | Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla | D | Cáin ar an mBrabús ar dhíol sócmhainní |
| 5 | Cáin Ioncaim | E | Eisítear é seo do gach fostaí ag deireadh gach bliain chánachais. |
| 6 | P60 | F | Cáin dhíreach ar dhaoine a thuilleann ioncam os cionn suim áirithe |
| | | G | Cáin ar bhrabúis chomhlachta |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. ***B*** | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. |

**7.** Mínigh an téarma 'eitic ghnó'.

**8.** Luaigh **<u>dhá</u>** bhua atá ag 'comharchumann' mar eagraíocht ghnó.

**9.** *Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ceann de na habairtí seo*

| | Abairt | Fíor nó Bréagach |
|---|---|---|
| (i) | Foinse fhadtréimhseach airgeadais é caipiteal cothromais. | |
| (ii) | Foinse ghearrthréimhseach airgeadais é léasú. | |
| (iii) | Foinse ghearrthréimhseach airgeadais é rótharraingt bhainc. | |
| (iv) | Foinse mheántréimhseach airgeadais é fruilcheannach. | |
| (v) | Foinse fhadtréimhseach airgeadais é creidmheas trádála. | |

**10.** Luaigh trí phríomh-cheannteideal i bplean gnó.

**11.** Rianaigh an tábhacht a bhaineann le 'rialú stoic' i gcomhlacht.

**12.** Dréachtaigh an 'Meamram' ó Ann Miller an Bainisteoir Margaíochta go dtí an fhoireann á rá go bhfuil an cruinniú míosúil foirne ar an 28 Meitheamh le cur ar ceal.

**Meamram**

**Chuig:** **Ó:**

**Dáta:**

**13.** Mínigh cad a chiallaíonn gnólacht bundúchasach.

**14.** Cad is brí le 'forbairt fhréamhshamhla'?

**15.** Liostaigh **trí** chineál 'eagraíocht ghnó' éagsúla. Sampla: Comharchumann

1.

2.

3.

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ**

# ROINN 2 (300 marc)
# Cuid 1

**Freagair ceithre cheist as Roinn 2 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2**

## Daoine i nGnó

### Ceist 1

*Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

*Cheannaigh Majella rothar dá hiníon Aoife don Nollaig. Nuair a thriall Aoife an rothar maidin Lae Nollag thit an slabhra de go minic. Ar deireadh thiar bhris an slabhra. Seachtain ina dhiaidh sin ghlaoigh Majella ar an siopa rothar 'Better Bikes' chun gearán a dhéanamh. Dúirt an cúntóir siopa gurbh é an rud ab fhearr a d'fhéadfadh sí a dhéanamh ná an rothar a chur ar ais chuig an déantúsóir.*

**1.** **(A)** Ainmnigh an dlí a thugann cosaint don tomhaltóir sa chás seo. (10 marc)

**(B)** Luaigh modh **amháin** chun an fhadhb thuas a réiteach. (10 marc)

**(C)** Mínigh cearta dlíthiúla Majella agus dualgais 'Better Bikes'. (20 marc)

*Tá fostaithe Piorra Teo. ag obair de réir rialach le sé seachtaine anuas agus tá siad ar stailc oifigiúil anois. Tá fios curtha ar an gCoimisiún um Chaidreamh Saothair.*

**(D)** Mínigh na téarmaí 'obair de réir rialach' agus 'stailc oifigiúil'. (20 marc)

**(E)** Déan cur síos ar ról an "Coimisiún um Chaidreamh Saothair". (15 marc)
**(75 marc)**

## Timpeallacht Intíre

### Ceist 2

*Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh..*

*Is féidir geilleagar na hÉireann a roinnt ina thrí phríomh-earnáil: (i) príomhúil (eastóscach) (ii) tánaisteach agus (iii) treasach. Tionscail déantúsaíochta agus tógála atá san earnáil thánaisteach in Éirinn.*

**2.** **(A)** Mínigh le samplaí an bhrí atá leis an 'earnáil phríomhúil' sa gheilleagar. (15 marc)

**(B)** Liostaigh na dúshláin atá roimh na tionscail san earnáil phríomhúil in Éirinn. (15 marc)

**(C)** Rianaigh an tábhacht a bhaineann leis an 'earnáil thánaisteach' do gheilleagar na hÉireann. (15 marc)

*Oibríonn tuairim is 64% den fhórsa oibre in Éirinn san earnáil threasach, 28% san earnáil thánaisteach agus 8% san earnáil phríomhúil. Is minic ráite é 'gur gá ceithre thoisc den táirgíocht chun earraí a tháirgeadh'. Dhá thoisc táirgíochta is ea saothar agus talamh.*

**(D)** Mínigh cad is brí leis an 'earnáil threasach' sa gheilleagar agus rianaigh an leas a dhéanann sé don gheilleagar. (15 marc)

**(E)** Ainmnigh an dá thoisc táirgíochta eile (seachas talamh agus saothar) agus mínigh ceann ar bith de na ceithre thoisc. (15 marc)
**(75 marc)**

## Timpeallacht Idirnáisiúnta

### *Ceist 3*

| Tíortha Áirithe san Aontas Eorpach | | Institiúidí na hEorpa |
|---|---|---|
| *An Ríocht Aontaithe* | *An Phortaingéil, An Spáinn* | *Comhairle na hEorpa* |
| *An Fhrainc, An Iodáil* | *An Danmhairg, an tSualainn, an Fhionnlainn* | *Parlaimint na hEorpa* |
| *An Ghearmáin* | *An Ostair, An Ísiltír* | *Comhairle na nAirí* |
| *An Ghréig* | *Lucsamburg* | *Coimisiún na hEorpa* |
| | *An Bheilg* | *Cúirt na hEorpa* |

**3.** **(A)** Rianaigh éifeachtaí mhargadh aonair na hEorpa ar chúrsaí gnó in Éirinn. (20 marc)

**(B)** Mínigh an ról atá ag <u>**ceann ar bith**</u> de na hinstitiúidí Eorpacha atá luaite thuas. (15 marc)

**(C)** Mínigh cad is brí le 'trádáil idirnáisiúnta' agus cén fáth a bhfuil tábhacht leis an Aontas Eorpach do thrádáil na hÉireann. (20 marc)

**(D)** Cad a chiallaíonn 'Comhardú Íocaíochtaí' na hÉireann? (20 marc)

**(75 marc)**

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ**

# Cuid 2

## Bainistíocht 1

### Ceist 4

*Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

| *Seo thíos sampla de **'líne eagraíochta'** i gcomhlacht* | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | *Scairshealbhóirí* | | |
| | | | | |
| | | *Bord Stiúrtha* | | |
| | | | | |
| | | *Bainisteoir Stiúrtha* | | |
| | | | | |
| *Bainisteoir Acmhainní Daonna* | *Bainisteoir Margaíochta* | *Cuntasóir* | *Bainisteoir Táirgíochta* | *Bainisteoir Iompair* |

**4.** **(A)** Sainmhínigh an téarma 'Scairshealbhóirí". (15 marc)

**(B)** Déan cur síos ar an ról atá ag 'Bord Stiúrtha' i gcomhlacht. (15 marc)

**(C)** Déan comparáid idir na dualgais atá ar Bhainisteoir Acmhainní Daonna agus na dualgais atá ar Bhainisteoir Margaíochta i gcomhlacht. (20 marc)

*Gníomhaíochtaí bainistíochta is ea 'pleanáil', 'eagrúchán' agus 'rialú'.*

**(D)** Mínigh <u>ceann ar bith</u> de na gníomhaíochtaí atá luaite thuas. (15 marc)

**(E)** Cad is brí le 'réise rialúcháin'? (10 marc)

**(75 marc)**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 5

*Léigh am t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:*

*Gnólacht déantúsaíochta bia i gCorcaigh is ea Repas Tta. Déanann sé earraí a sholáthar agus a dháileadh ar mhórdhíoltóirí agus ar mhiondíoltóirí ar fud na hÉireann. Tá sraith ollmhargaí ag Repas Tta. féin agus soláthraíonn siad d'ollmhargaí eile a bhfuil siopaí acu i gCorcaigh, i bPort Láirge agus i gCiarraí.*

**5.** **(A)** Mínigh na téarmaí 'miondíoltóir' agus 'mórdhíoltóir'. (20 marc)

**(B)** Léirigh an bhrí atá le 'bealach dáilte' traidisiúnta. (15 marc)

*Tá súil ag Repas Teo. cumasc le Pricepower 2 Tta, Sraith ollmhargaí is ea Pricepower 2 Tta le siopaí i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh.*

**(C)** Déan cur síos ar an mbrí atá le cumasc agus rianaigh na buntáistí a bhainfeadh leis an gcumasc idir Repas Tta agus Pricepower 2 Tta. (20 marc)

**(D)** Rianaigh <u>**dhá**</u> fhoinse d'airgeadas fadtéarmach a bheadh ar fáil do Repas Tta, chun an cumasc a airgeadú agus mínigh ceann ar bith díobh. (20 marc)

**(75 marc)**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 6

*Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

*Déanann Dearadh Rónáin Teo. táirgí a dhearadh dá chuid custaiméirí. Tá an comhlacht tar éis a chuid riachtanas a aithint agus orthusan tá teicneolaíocht an eolais agus acmhainní daonna. Tá gá aige le 'crua-earraí' agus 'bogearraí', dearadh ríomhchuidithe (C.A.D.) san áireamh, mar aon le feidhmiúcháin scarbhileog.*

**6.** **(A)** Cad dó a seasann na litreacha seo: T.E. (I.T.) agus D.R.C. (C.A.D.)? (10 marc)

**(B)** Déan idirdhealú idir 'bogearraí' agus 'crua-earraí' agus déan cur síos ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as 'scarbhileog' ag Dearadh Rónáin Tta. (15 marc)

*Is é Barra Ó Rónáin an Bainisteoir Stiúrtha ar Dearadh Rónáin Teo., an Phríomh-Shráid, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. Bheartaigh sé an folúntas poist a fhógairt sa nuachtán áitiúil, ag lorg litir iarratais agus curriculum vitae (C.V.) ar gach iarrthóir. Is é 21 Iúil 2002 an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais.*

**(C)** Déan 'fógra' oiriúnach don nuachtán a dhréachtadh don fholúntas ag Dearadh Rónáin Teo. (20 marc)

**(D)** Déan 'litir iarratais' chuig Dearadh Rónáin Teo. a dhréachtadh, ag cur isteach ar an bpost a fógraíodh. (20 marc)

**(E)** Rianaigh an tábhacht do Dearadh Rónáin Teo. a bhaineann le hearcú agus le roghnú na n-iarrthóirí. (10 marc)

**(75 marc)**

## Bainistíocht 2/ Gnó i nGníomh

### Ceist 7

*Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh*

*Trádálaí aonair is ea Síle Ní Dhálaigh a ritheann bialann bheag dá cuid féin. Tá cinneadh déanta aici veain bheag a cheannach chun seirbhís seachadta a thairiscint dá cuid custaiméirí. Faigheann Síle an t-eolas seo a leanas óna cuntasóir..*

| | **2002 (Meastachán)** | **2001** | **2000** |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| **Díolacháin** | 62,000 | 64,000 | 74,000 |
| **Brabús Comhlán** | 40,000 | 47,000 | 51,000 |
| **Brabús Glan** | 8,500 | 9,900 | 12,800 |
| **Céatadán Brabúis Ghlain** | | | **17.3%** |

**7.** **(A)** Trádálaí aonair is ea Síle**.** Rianaigh na míbhuntáistí a bhaineann leis sin. (10 marc)

**(B)** Liostaigh dhá fhoinse mheántéarmacha airgeadais a bheadh oiriúnach do Shíle chun an veain a cheannach. (10 marc)

**(C)** Rianaigh na tosca a chuirfeadh institiúid airgeadais san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu airgead a chur ar fáil do Shíle. (15 marc)

**(D)** Cén difríocht atá idir 'Brabús Comhlán' agus 'Brabús Glan'? (10 marc)

**(E)** Áirigh an Céatadán Brabúis Ghlain do 2001 agus 2002 (bíodh na foirmlí agus do chuid oibríochtaí go léir á dtaispeáint agat) agus léirigh do thuairim i dtaobh na treochta. (30 marc)

**(75 marc)**

| Bainistíocht 1 agus 2 |
|---|

## Ceist 8

*Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

| |
|---|
| *Fuair Siobhán foirm tairisceana árachais nuair a bhí sí ag fiosrú faoin teach agus faoin inneachar a ghabhann leis a chur faoi árachas.* |

| | **Sliocht as Foirm Tairisceana Árachais d'Árachas Tí** | |
|---|---|---|
| *(i)* | *An bhfuil aláram deataigh agus aláram buirgléirí feistithe agat?* | |
| *(ii)* | *An teach brící, cloiche nó coincréite é?* | |
| *(iii)* | *An bhfuil díon sclátaí air?* | |
| *(iv)* | *Sínigh an dearbhú thíos le do thoil.* | *Síniú::* |
| | *Chomh fada le m'eolas, tá na sonraí uile ar an bhfoirm seo fíor agus níor coimeádadh aon eolas siar.* | ---------------------------------- |

**8.** **(A)** Mínigh cad is brí le 'foirm tairisceana árachais'. (10 marc)

**(B)** Rianaigh cad is préimh ann agus déan cur síos ar na tosca a mbeadh tionchar acu ar mhéid na préimhe a ghearrfaí ar árachas tí. (15 marc)

**(C)** Rianaigh cén fáth a dtógfadh duine aonair nó gnólacht árachas amach ar 'inneachar'. (10 marc)

**(D)** Mínigh cad is brí le 'meon lánmhaith (*utmost good faith*)'. (25 marc)

| |
|---|
| *Cuireadh luach €100,000 ar an teach agus a inneachar. Chuir an t- úinéir faoi árachas iad ar €80,000. Rinne tine díobháil ar luach €2,000 don inneachar.* |

**(E)** Áirigh an cúiteamh atá le híoc leis an úinéir. Taispeáin do chuid oibríochtaí. (15 marc)

**(75 marc)**

| **NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ** |
|---|